2025/439

3.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/439 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Feabhra 2025

lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais i réimse an bheartais uisce de bhun Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 1244)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE agus 86/280/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 8b(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil le hAirteagal 8b(1) de Threoir 2008/105/CE maidir le liosta faire de shubstaintí a bhunú a bhfuil sonraí faireacháin le bailiú ina leith ar fud an Aontais chun tacú le cleachtaí tosaíochta amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Tásc maidir leis na maitrísí faireacháin agus modhanna féideartha anailíse nach mbaineann costais iomarcacha leo i leith gach substainte, sin rud a bhí le cuimsiú sa chéad liosta faire den chineál sin.

(2) Tá na substaintí sa liosta faire le roghnú as measc na substaintí a léirítear san fhaisnéis atá ar fáil ina leith go bhféadfadh sé go bhfuil riosca mór ag baint leo, ar leibhéal an Aontais, don timpeallacht uisceach nó mar gheall uirthi, ach nach leor na sonraí faireacháin atá ann ina leith chun teacht ar chonclúid maidir leis an riosca iarbhír atá ag baint leo. Tá substaintí an-tocsaineach le meas lena gcuimsiú sa liosta faire, ar substaintí iad a úsáidtear in a lán Ballstát agus a scaoiltear sa timpeallacht uisceach ach nach ndéantar faireachán orthu nó a dhéantar faireachán orthu go hannamh. Tá an fhaisnéis arna miondealú in Airteagal 8b(1), pointí (a) go (e), de Threoir 2008/105/CE, le cur san áireamh sa phróiseas roghnúcháin sin, agus aird ar leith á tabhairt do thruailleáin atá ag teacht chun cinn.

(3) Le faireachán a dhéanamh ar na substaintí atá sa liosta faire, ba cheart sonraí ardcháilíochta a ghiniúint maidir lena dtiúchan sa timpeallacht uisceach, ar sonraí iad a bheidh oiriúnach chun tacú leis na measúnuithe riosca lena gcuirtear bonn taca faoi shainaithint substaintí tosaíochta, i gcleachtadh athbhreithnithe ar leithligh de bhun Airteagal 16(4) de Threoir 2000/60/CE. San athbhreithniú sin, tá substaintí lena mbaineann riosca mór le meas lena gcuimsiú sa liosta substaintí tosaíochta. Tá caighdeán cáilíochta comhshaoil le leagan síos ansin freisin agus ní mór do na Ballstáit an caighdeán sin a chomhlíonadh. Dá molfaí substaint le cuimsiú ar an liosta substaintí tosaíochta, tá an moladh sin le bheith faoi réir measúnú tionchair.

(4) De bhun Airteagal 8b(2) de Threoir 2008/105/CE, tá an Coimisiún leis an liosta faire a thabhairt cothrom le dáta gach 2 bhliain. Agus an liosta á thabhairt cothrom le dáta, tá an Coimisiún le haon substaint a bhaint más substaint í ar féidir measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 16(2) de Threoir 2000/60/CE a thabhairt i gcrích ina leith gan sonraí faireacháin breise.

([1]) IO L 348, 24.12.2008, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/105/oj.
([2]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

(5) Leagadh amach an chéad liosta faire de shubstaintí i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/495 ón gCoimisiún ([3]) agus bhí 10 substaint nó 10 ngrúpa substaintí ann, mar aon le tásc maidir leis an maitrís faireacháin, modhanna anailíse féideartha nach mbaineann costais iomarcacha leo, agus uasteorainneacha braite modha inghlactha. Tugadh an liosta faire cothrom le dáta in 2018, 2020 agus 2022 mar a leagtar amach i gCinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2018/840 ([4]), (AE) 2020/1161 ([5]) agus (AE) 2022/1307 ([6]) ón gCoimisiún.

(6) De bhun Airteagal 8b(2) de Threoir 2008/105/CE, an tréimhse faireacháin leanúnach d'aon substaint aonair ar liosta faire, ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 4 bliana. Dá bhrí sin, an oibleagáid faireacháin maidir leis an liosta faire le haghaidh na 6 shubstaint nó na 6 ghrúpa substaintí a bhí ar an liosta ó bhí 2020 ann, is iad sin sulfaimeatocsasól, trímheitiprim, veanlafaicsín agus a mheitibilít O-deismeitilveanlafaicsín, an grúpa de 10 gcomhdhúil asóil (na hearraí cógaisíochta seo a leanas: clóthrímhasól, fluconasól agus míoconasól, mar aon leis na lotnaidicídí seo a leanas: iomasailil, iopconasól, meatconasól, peanconasól, próclóras, teabúconasól agus teitreaconasól) agus na fuingicídí seo a leanas: famocsadón agus démhocsastróibin, cuireadh deireadh leis an oibleagáid sin in 2024. Cuirfear na sonraí faireacháin a fuarthas san áireamh i gcomhthéacs an chleachtaidh tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 16(2) de Threoir 2000/60/CE.

(7) Is leor na sonraí a fuarthas ó bhí 2022 ann le haghaidh asocsastróibine, a bhí sa ghrúpa céanna le démhocsastróibin, chun a léiriú go mbaineann riosca leis an bhfuingicíd i roinnt Ballstát, agus dá bhrí sin ní mór aghaidh a thabhairt air dá réir sin, is é sin mar thruailleán arb ábhar imní náisiúnta é, a bhfuil faireachán le déanamh air sna Ballstáit sin ina bhfuil riosca fós ag baint leis, de bhun na forála maidir le 'truailleáin eile' i bpointe 1.3.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. A mhéid a bhaineann le défhluifeineacan, léirítear leis na sonraí a fuarthas ó bhí 2022 ann go bhfuil riosca uile-Aontais ag baint leis agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí é a áireamh ar an liosta substaintí tosaíochta. Idir an dá linn, is iomchuí do na Ballstáit faireachán a dhéanamh air amhail is gur ábhar imní náisiúnta é. Ba cheart asocsastróibin agus défhluifeineacan araon a bhaint den liosta faire.

(8) Ar bhonn na sonraí faireacháin a fuarthas le haghaidh na 5 shubstaint nó na 5 ghrúpa substaintí eile a ndearnadh faireachán orthu ó bhí 2022 ann, is iad sin fiprinil, cliondaimícin, óflocsaicin, meatfoirmin agus a mheitibilít guainiolúiré, agus grúpa de thrí oibreán scéithe gréine (meatocsaidhébheansóil-meatán búitile, dá ngairtear abhaibeansón freisin; ochtaicriléin; agus beinsifeanón-3, dá ngairtear ocsaibeansón freisin), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuarthas sonraí faireacháin ardcháilíochta leordhóthanacha chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leo, agus, dá bhrí sin, gur cheart na substaintí sin nó na grúpaí substaintí sin a choinneáil ar an liosta faire.

(9) Le linn 2023, bhailigh an Coimisiún sonraí maidir le réimse substaintí eile a d'fhéadfadh a chuimsiú sa liosta faire. Chuir sé san áireamh na cineálacha éagsúla faisnéise ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 8b(1) de Threoir 2008/105/CE, agus chuaigh sé i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit agus le grúpaí páirtithe leasmhara. Níor cheart substaintí a chuimsiú sa liosta faire más substaintí iad a bhfuil amhras ann maidir lena dtocsaineacht, nó mura bhfuil íogaireacht, iontaofacht nó inchomparáideacht mhodhanna faireacháin na substaintí sin leormhaith. Maidir leis an oibreán scéithe gréine salaicioláit 2-eitilheicsile, dá ngairtear octasaláit freisin, substaint frithocsaídeora thionsclaíoch n-1,3-dimethylbutyl-N'-phenyl-p-phenylenediamine (6PPD) agus táirge díghrádúcháin 6PPD-cuineoin, feithidicíd agus abaimeictin fhrith-heiliminteach, grúpa de shubstaintí asóil (brómúconasól, climeasól, ciasófaimid, défheanaconasól, eapocsaconasól, itreaconasól, céataconasól, meifeintriofluconasól,

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/495 ón gCoimisiún an 20 Márta 2015 lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais i réimse an bheartais uisce de bhun Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 78, 24.3.2015, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/495/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/840 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2018 lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais i réimse an bheartais uisce de bhun Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/495 ón gCoimisiún (IO L 141, 7.6.2018, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/840/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1161 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2020 lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais i réimse an bheartais uisce de bhun Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 257, 6.8.2020, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1161/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1307 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais i réimse an bheartais uisce de bhun Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1161 ón gCoimisiún (IO L 197, 22.7.2022, lch. 117, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1307/oj).

própaconasól, tríthiaconasól), feithidicíd eatocsasóil, frithdhúlagráin flúocseitín agus phrópránólóil, agus antaibheathaigh ocsaiteitriciglín agus teitriciglín, aithníodh iad mar iarrthóirí oiriúnacha. Tá cuimsiú na n-earraí cogaisíochta comhsheasmhach le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol ([7]), agus tá cuimsiú an dá hantaibheathach comhsheasmhach freisin le Plean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha ([8]), lena dtacaítear le húsáid an liosta faire chun 'eolas ar tharlú agus scaipeadh oibreán frithmhiocróbach sa timpeallacht a fheabhsú'.

(10) De bhun Airteagal 8b(1) de Threoir 2008/105/CE, shainaithin an Coimisiún modhanna anailíse féideartha le haghaidh na substaintí a mholtar. Maidir leis na substaintí uile a choinnítear ar an liosta, mar aon leis na substaintí uile nua a chuirtear ar an liosta, ba cheart teorainn chainníochtaithe an mhodha a bheith ar a laghad chomh híseal leis an tiúchan gan éifeacht substaintsonrach réamh-mheasta sa mhaitrís ábhartha, i gcás gach substainte, lena n-áirítear gach substaint aonair atá i ngrúpa.

(11) Tá meatfoirmin agus a mheitibilít guainiolúiré grúpáilte mar gheall ar na héifeachtaí breiseáin a d'fhéadfadh a bheith acu; is féidir anailís a dhéanamh orthu le chéile agus ba cheart leanúint leis sin a dhéanamh. Déantar octasaláit a ghrúpáil leis na trí oibreán scéithe gréine a choinnítear toisc go bhfuil an modh gníomhaíochta céanna acu agus go bhféadfadh éifeachtaí breiseáin a bheith acu; is féidir anailís a dhéanamh orthu le chéile agus ba cheart é sin a dhéanamh.

(12) Meastar go dtarlóidh 6PPD agus 6PPD-cuineoin le chéile agus is féidir agus ba cheart anailís a dhéanamh orthu le chéile.

(13) Tá na substaintí asóil grúpáilte toisc go bhfuil an modh gníomhaíochta céanna acu agus d'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí breiseáin acu freisin; is féidir anailís a dhéanamh orthu le chéile agus ba cheart é sin a dhéanamh.

(14) D'fhéadfadh éifeachtaí breiseáin a bheith ag an dá antaibheathach san aicme teitriciglíne; is féidir anailís a dhéanamh orthu le chéile agus ba cheart é sin a dhéanamh.

(15) Ní mheastar go bhfuil costais a ghabhann leis na modhanna anailíse a shonraítear sa liosta faire iomarcach. Má thagann laghdú ar thiúchan gan éifeacht réamh-mheasta le haghaidh substaintí nua ar an liosta faire mar gheall ar fhaisnéis nua amach anseo, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an uasteorainn chainníochtaithe modha inghlactha a ísliú le haghaidh na substaintí sin chomh fada is a bheidh siad ar an liosta.

(16) Sonraítear le hAirteagal 8b de Threoir 2008/105/CE, i measc nithe eile, na coinníollacha agus na módúlachtaí le haghaidh fhaireachán na substaintí a chuimsítear sa liosta faire agus le haghaidh thuairisciú na dtorthaí faireacháin ag na Ballstáit. Sonraítear leis go háirithe, agus na stáisiúin faireacháin ionadaíocha, minicíocht an fhaireacháin agus uainiú gach substainte á roghnú, go bhfuil na Ballstáit leis na patrúin úsáide agus tarlú féideartha na substainte a chur san áireamh. Cé gur uair sa bhliain atá i gceist leis an íosmhinicíocht faireacháin, ba cheart do na Ballstáit dhá uair, ar a laghad, sa bhliain a mheas mar mhinicíocht faireacháin le haghaidh na substaintí ar fad, chun an úsáid athraitheach atá acu a chur san áireamh, chun a áirithiú go mbailítear sonraí de chaighdeán atá ard go leor, agus mar sin chun gur féidir leis an sásra maidir le liosta faire tacaíocht éifeachtach a thabhairt do phróisis mheasúnaithe riosca ina dhiaidh sin.

(17) Chun inchomparáideacht na dtorthaí ó Bhallstáit éagsúla a áirithiú, ba cheart faireachán a dhéanamh ar na samplaí ar fad i samplaí uisce iomlána.

(18) Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1307 a ionadú ina hiomláine. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1307 a aisghairm.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 21(1) de Threoir 2000/60/CE,

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol, COM(2019) 128 final, 11 Márta 2019.

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, Plean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, COM(2017) 339 final, 29 Meitheamh 2017.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 8b de Threoir 2008/105/CE, leagtar amach an liosta sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1307.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Jessika ROSWALL
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 8b de Threoir 2008/105/CE

Ainm na substainte/an ghrúpa substaintí	Uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS)	Uimhir Comhphobail Eorpaigh (CE) ([1])	Modh anailíse táscach ([2]) ([3])	Uasteorainn chainníochtaithe modha inghlactha (ng/l)
Fiprinil	120068-37-3	424-610-5	SPE-HPLC-MS/MS	0,77
Cliondaimícin	18323-44-9	242-209-1	SPE-LC-MS/MS	44
Óflocsaicin	82419-36-1	680-263-1	SPE-UHPLC-MS/MS	26
Meatfoirmin agus Guainiolúiré ([4])	657-24-9 141-83-3	211-517-8 205-504-6	SPE-LC-MS/MS	156 000 100 000
Oibreáin scéithe gréine ([5]) Meatocsaidhébheansóil-meatán búitile Ochtaicriléin Beinsifeanón-3 Octasaláit (salaicioláit 2-eitilheicsile)	70356-09-1 6197-30-4 131-57-7 118-60-5	274-581-6 228-250-8 205-031-5 204-263-4	SPE-LC-ESI-MS/MS	3 000 266 670 168
N-1,3-Démheitiolbúitil-N'-feinil-p-feiniléindé-aimín (6PPD) agus 6PPD-cuineoin ([6])	793-24-8 2754428-18-5	212-344-0 893-269-6	SPE-LC-MS/MS	370
Abaimeictin ([7]) Aiveirmeictin B1a agus Aiveirmeictin B1b	71751-41-2 65195-55-3 65195-56-4	265-610-3 265-611-9	SPE-LC-MS/MS	1
Comhdhúile asóil ([8]) Brómúconasól Climeasól Ciasófaimid Défheanaconasól Eapocsaconasól Itreaconasól Céataconasól Meifeintriofluconasól Própaconasól Tríthiaconasól	116255-48-2 38083-17-9 120116-88-3 119446-68-3 133855-98-8 84625-61-6 65277-42-1 1417782-03-6 60207-90-1 131983-72-7	408-060-3 253-775-4 601-671-8 601-613-1 406-850-2 617-596-9 265-667-4 822-682-6 262-104-4 603-543-7	SPE-LC-MS/MS	15 110 130 360 180 8 50 1 600 1 000 1 000
Eatocsasól	153233-91-1	604-891-2	SPE-GC-MS/MS	0,4

Ainm na substainte/an ghrúpa substaintí	Uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS)	Uimhir Comhphobail Eorpaigh (CE) ([1])	Modh anailíse táscach ([2]) ([3])	Uasteorainn chainníochtaithe modha inghlactha (ng/l)
Flúocseitín	54910-89-3	611-209-7	SPE-LC-QTOF-HRMS	12
Própránólól	525-66-6	208-378-0	SPE-LC-MS/MS	20
Ocsaiteitriciglín agus Teitriciglín ([9])	79-57-2 60-54-8	201-212-8 200-481-9	SPE-LC-MS/MS	500 90

([1]) Ocsaiteitriciglín agus
([2]) Déanfar faireachán ar na substaintí ar fad i samplaí uisce iomlána.
([3]) Modhanna eastósctha:
SPE — eastóscadh pas sholadaigh
Modhanna anailíse:
HPLC-MS/MS – crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta in éineacht le mais-speictriméadracht thrí-cheathairpholach
LC-MS/MS – crómatagrafaíocht leachta in éineacht le mais-speictriméadracht thrí-cheathairpholach
LC-ESI-MS/MS — crómatagrafaíocht leachta in éineacht le mais-speictriméadracht thrí-cheathairpholach le hianúchán leictreasprae deimhneach
LC-QTOF-HRMS – Crómatagrafaíocht leachta mais-speictriméadrachta ardtaifigh trí-cheathairpholaí am-eitilte
UHPLC-MS-MS – crómatagrafaíocht leachta ultra-ardfheidhmíochta in éineacht le mais-speictriméadracht thrí-cheathairpholach
([4]) Déanfar anailís ar mheatfoirmin agus guainiolúiré le chéile sna samplaí céanna ach déanfar iad a thuairisciú mar thiúchan aonair.
([5]) Déanfar anailís ar na hoibreáin scéithe gréine le chéile sna samplaí céanna ach déanfar iad a thuairisciú mar thiúchan aonair.
([6]) Déanfar anailís ar 6PPD agus 6PPD-cuineoin le chéile sna samplaí céanna ach déanfar iad a thuairisciú mar thiúchan aonair
([7]) Déanfar anailís ar an dá chomhpháirt mhóra d'abaimeictin (B1a agus B1b) le chéile sna samplaí céanna agus déanfar iad a thuairisciú mar thiúchan suime.
([8]) Déanfar anailís ar na comhdúile asóil le chéile sna samplaí céanna ach déanfar iad a thuairisciú mar thiúchan aonair.
([9]) Déanfar anailís ar ocsaiteitriciglín agus teitriciglín le chéile sna samplaí céanna ach déanfar iad a thuairisciú mar thiúchan aonair.